educate.ie

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí

Páipéar Samplach E

Gaeilge T2

Ardleibhéal

Am: 2 uair an chloig

270 marc

Scrúduimhir				

Stampa an Ionaid

Don Scrúdaitheoir			
Roinn	Ceist	Scrúd	S.C.
A	1		
	2		
	3		
	4		
B	5		
	6		
	7		
	8		
	9		
	10		
	11		
Iomlán			
Tasc Measúnaithe			
MÓRIOMLÁN			

The length of these sample answers is based on the time allocated for the exam.

Tá fad na bhfreagraí samplacha seo bunaithe ar an am a leithdháiltear don scrúdú.

Roinn A — Cluastuiscint — 30 marc

Ceist 1 (8 marc)

(a) Bearna, i gContae na Gaillimhe

(b) beirt deartháireacha

(c) Tá Florian ag freastal ar an ollscoil.
Tá Daniel ag obair mar mheicneoir.

(d) Imríonn sí sacar le club áitiúil.

Ceist 2 (6 mharc)

(a) Eithne Ní Dhochartaigh, láithreoir ar Theilifís Nua na Gaeilge

(b) *Tráth na gCeist Anocht*

(c) www.trathnagceist.ie

Ceist 3 (6 mharc)

(a) Contae Aontroma

(b) www.mothurasscoile.ie

(c) Ba mhaith. Ba mhaith liom Clochán an Aifir a fheiceáil./Ba mhaith liom foghlaim faoi stair/thíreolaíocht na háite. (pointe amháin eolais le liostú)

Ceist 4 (10 marc)

Mír 1

(a) a chos

(b) balla

Mír 2

(c) idir deich seachtaine agus dhá sheachtain déag

(d) marcóir

Roinn B Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht 240 marc

Ceist 5 (60 marc)

(a) nuacht agus siamsaíocht a fháil

(b) rudaí a mholadh

(c) réaltaí YouTube

(d) Deir déagóirí a úsáideann YouTube go bhfuil tuiscint níos mó ag réaltaí YouTube orthu (ná mar atá ag ceiliúráin thraidisiúnta amhail Justin Bieber nó Katy Perry)./ Is léir go bhfuil na réaltaí YouTube seo ábalta ceangal pearsanta a dhéanamh le déagóirí.

(e) Ní air/ní hea. Bíonn tionchar acu ar an bpolaitíocht freisin. Tá an iliomad seónna cainte ar fáil ar YouTube chun a gcuid tuairimí a roinnt.

(f) Is dóigh. Ní fhéachaimid ar an teilifís a thuilleadh./Féachaimid ar na meáin shóisialta agus ar réaltaí YouTube a bhíonn ag moladh éadaí nó ceol áirithe, mar shampla./Chomh maith leis sin, dar le Google, éisteann daoine óga le réaltaí YouTube mar creideann siad céard atá á rá acu. (dhá fháth le liostú)

Ceist 6 (50 marc)

Teideal an úrscéil: *SÁRÚ*
Ainm an údair: Anna Heussaff

(a) Tá cluiche úrnua ag Evan ar a uaireadóir cliste. SÁRÚ is ainm don chluiche sin. Faraor, tá Crúb, ceannaire na mbulaithe, ag iarraidh an t-uaireadóir a bhaint de Evan. Lá amháin, ar an mbus, déanann sé iarracht an t-uaireadóir a thógáil ach insíonn Cara, cailín mistéireach as Meiriceá, don tiománaí bus céard atá ar siúl acu. Cuirtear na bulaithe den bhus.

(b) Thaitin an t-úrscéal go mór liom. I dtús báire, pléann an t-údar go leor téamaí éagsúla – an t-athrú aeráide, an teicneolaíocht agus an bhulaíocht. Cuireann na téamaí sin go mór leis an bplota.
Chomh maith leis sin, tá na téamaí ar fad measctha suas. Ní hamháin sin, tá an fíorshaol agus an saol digiteach measctha suas. Ní plota bunúsach atá ann – tá an plota doimhin agus tá ábhar machnaimh ann.

(c)

Ainm an charachtair: Evan
Ceist 1: An imreoidh tú cluiche cosúil le SÁRÚ arís?
Freagra: Ní imreoidh! Tá mo dhóthain le sárú san fhíorshaol agam gan bheith buartha faoi fhadhbanna digiteacha.
Ceist 2: An bhfuil buntáistí ag baint le cluichí ar nós SÁRÚ?
Freagra: D'fhoghlaim mé faoi go leor fadhbanna tromchúiseacha san fhíorshaol agus is rud maith é sin. Ach ar deireadh bhí mo sháith agam!

Páipéar Samplach E
Educate.ie

Ceist 7 (10 marc)

1: hIodáile	7: bhriseann
2: ag	8: na
3: turasóirí	9: gearrfaidh
4: siúl	10: póilíní
5: cathrach	11: orthu
6: ar	

Ceist 8 (30 marc)

Teideal an dráma: *Gleann Álainn*
Ainm an scríbhneora: Brian Ó Baoill

(a) Sinéad, Seosamh, Daid Shinéad, Éamonn Beag, Séamus agus Peadairín

(b) Daid Shinéad – glic agus mímhacánta

(c) Mímhacánta: Is léir go bhfuil Daid Shinéad agus an lucht dumpála ag obair as lámha a chéile. Tá muinín ag na fir as mar tá siad cinnte de go gcabhróidh sé leo. Chomh maith leis sin, tugann sé breab do Thadhg, oifigeach sa Chomhairle Contae.

(d) Téann seisear déagóirí amach faoin tuath chun tionscadal ealaíne a dhéanamh. Agus iad ann, feiceann siad líon mór bruscair in aice leis an loch. Socraíonn siad fanacht i bhfolach féachaint cé atá ag dumpáil. Tar éis tamaill, feiceann siad beirt fhear áitiúla ag iompar málaí bruscair ó veain agus á ndumpáil in aice leis an loch.

(e) Tá tús an dráma éifeachtach. Tarraingíonn an eachtra sin aird an léitheora go tapa. Ba mhaith linn léamh ar aghaidh agus fáil amach cé atá freagrach as an dumpáil.

Ceist 9 (40 marc)

Pictiúr 2 – Saol faoin tuath

An tábhacht a bhaineann leis an saol faoin tuath

Tá an-tábhacht ag baint leis an tuath. Mar shampla, is as an tuath a thagann ár gcuid bia. Maidir liom féin, cé go bhfuilim i mo chónaí ar imeall na cathrach, sna bruachbhailte, is aoibhinn liom dul ar cuairt faoin tuath freisin.

Dhá phointe dhearfacha faoin saol faoin tuath

Is iomaí buntáiste a bhaineann le saol na tuaithe. Faoin tuath, tá suaimhneas ann. Is breá liom na páirceanna glasa agus an t-aer glan folláin. Is aoibhinn liom dul ag siúl sna sléibhte.

Chomh maith leis sin, tá aithne ag gach duine ar a chéile. Níl sé chomh dainséarach leis na cathracha.

Dhá phointe dhiúltacha faoin saol faoin tuath

Faraor, níl a lán áiseanna ar fáil faoin tuath. Tá daoine óga ag dul ar imirce toisc nach bhfuil aon rud le déanamh acu faoin tuath. Tá i bhfad níos mó le déanamh sna cathracha.

Chomh maith leis sin, níl na seirbhísí go maith faoin tuath ach oiread. Mar shampla, uaireanta bíonn sé deacair nasc maith idirlín a fháil faoin tuath. Níl mórán dochtúirí ná stáisiúin Gharda fágtha sna bailte beaga tuaithe.

Moladh amháin atá agat féin do dhaoine faoin saol faoin tuath

Ba chóir don Rialtas áiseanna nua a thógáil faoin tuath. Ba chóir don Rialtas an córas idirlín a fheabhsú. Ar deireadh, ba chóir don Rialtas poist nua a chruthú faoin tuath. Go dtí sin, beidh go leor daoine óga ag dul ar imirce.

Ceist 10 (30 marc)

Teideal an ghearrscéil: 'Quick Pick'
Ainm an údair: Orna Ní Choileáin
Ainm an charachtair spéisiúil ón ngearrscéal: Aoife

(a)

Eachtra:
Sílim gurb é an eachtra ag tús an scéil an eachtra is tábhachtaí. Buaileann Emmet le hAoife, cailín a raibh sé ar scoil léi. Ní chuimhníonn Emmet uirthi, áfach. Bhí sé róthógtha leis an staidéar ag an am. Tá cuimhne bhreá ag Aoife ar Emmet, áfach. Labhraíonn Aoife go bródúil faoina saol. Tugann sí cuireadh dó teacht chuig teacht le chéile na scoile. Ní rachaidh sé agus ní fheicfidh sé arís í, dar leis. Le hAoife, áfach, ní mar a shíltear a bhítear. Seans go bhfuil a fhios aici go gcasfaidh siad ar a chéile arís.

(b) Sílim go bhfuil teideal an ghearrscéil oiriúnach. Baineann Quick Pick le cúrsaí Lotto, ar ndóigh, agus tá a fhios ag gach duine conas a oibríonn se. Tá ciall eile le Quick Pick ag deireadh an scéil, áfach, nuair a fhaighimid amach go mbíonn Aoife ag déanamh 'Quick Picks' de chineál eile – as cuntais bhainc, cuntas Emmet san áireamh.

Páipéar Samplach E
Educate.ie

Ceist 11 (20 marc)

A chara,

Ba mhaith liom cur isteach ar an bpost mar láithreoir scannán.

Táim cúig bliana déag d'aois. Is as Cill Mhantáin mé – Hollywood na hEorpa, mar a deirimid! Táim sa tríú bliain sa mheánscoil agus táim ag ullmhú don Teastas Sóisearach faoi láthair.

Is aoibhinn liom gach cineál scannáin. Thar aon rud eile, áfach, is iad scannáin aicsin na scannáin is fearr liom. Is aoibhinn liom carachtair ar nós Hobbs agus Rita Vrataski. Téim go dtí an phictiúrlann go minic. Is é Dwayne 'The Rock' Johnson an t-aisteoir is fearr liom. Is minic a bhíonn sé le feiceáil i scannáin aicsin. Chomh maith leis sin, is dea-shampla é do dhaoine óga. Oibríonn sé le páistí atá tinn nó faoi mhíchumas.

Ba bhreá liom an post seo mar is aoibhinn liom a bheith ag caint agus ag léamh faoi chúrsaí scannán. Chomh maith leis sin, is aoibhinn liom an Ghaeilge agus ba bhreá liom post a fháil i stáisiún teilifíse lán-Ghaeilge.

Le dea-ghuí,

Damien Ó Deá-Lobhais